**CINNEADH (CBES) 2020/1465 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 12 Deireadh Fómhair 2020**

**maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Cigireachta agus Fíoraithe na Náisiún Aontaithe in Éimin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Meán Fómhair 2018, bunaithe ar iarraidh ó Shásra Cigireachta agus Fíoraithe na Náisiún Aontaithe (NA) (UNVIM), ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1249 ([1]) maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le UNVIM. Cuireadh cur chun feidhme teicniúil Chinneadh (CBES) 2018/1249 ar iontaoibh Oifig NA um Sheirbhísí Tionscadail (UNOPS) agus beartaíodh leis go gcuirfí ar chumas UNVIM leanúint dá chúraimí a chomhlíonadh i ndáil le faireachán agus cigireacht i gcomhréir le Rún 2216 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA).

(2) An 13 Nollaig 2018, shínigh na páirtithe sa choinbhleacht in Éimin Comhaontú Stócólm, ar formhuiníodh a chuid forálacha le Rúin 2451 (2018) agus 2452 (2019) ó CSNA. Tugadh ról ceannasach do UNVIM maidir le tacú le Corparáid Chalafoirt Mhara Éimin i ndáil le calafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa a bhainistiú, agus maidir le cigireachtaí a dhéanamh ar na calafoirt sin.

(3) An 18 Feabhra 2019, ghlac an Chomhairle conclúidí inar dúradh gur díol sásaimh di gur glacadh Comhaontú Stócólm agus gur glacadh d'aon ghuth Rúin 2451 (2018) agus 2452 (2019) ó CSNA. D'iarr an Chomhairle an athuair ar na páirtithe uile seachadadh soláthairtí tráchtála a éascú, lena n-áirítear breosla, agus mheabhraigh sí gur den ríthábhacht é feidhmiú chalafort Hodeidah taobh le calafort Saleef agus calafort Ras Issa chun go mairfidh na milliúin Éimeanach. D'athdhearbhaigh an Chomhairle go dtacaíonn sí le UNVIM d'fhonn a áirithiú go leanfaidh an sreabhadh earraí tráchtála isteach go dtí Éimin agus lánurraim á tabhairt do na rúin ábhartha uile ó CSNA.

(4) Bunaithe ar iarraidh ó UNVIM, an 4 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1672 ([2]) agus d'athnuaigh sí an tacaíocht ón Aontas do UNIVIM.

(5) Le Rúin 2505 (2020) agus 2534 (2020) ó CNSA, cuireadh síneadh le sainordú Mhisean NA chun tacú le Comhaontú Hodeidah (UNMHA) chun tacú le cur chun feidhme an chomhaontaithe maidir le Cathair Hodeidah agus le calafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa mar a leagtar amach i gComhaontú Stócólm.

(6) An 15 Iúil 2020, d'iarr UNVIM tuilleadh tacaíochta ar an Aontas.

(7) Ba cheart don Aontas a thacaíocht do UNVIM chun a shainordú a chur chun feidhme a athnuachan,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Déanfaidh an tAontas a thacaíocht do UNVIM a athnuachan chun a shainordú a chur chun feidhme mar a leagtar amach i Rúin ábhartha ó CSNA, go háirithe Rúin 2216 (2015) agus 2451 (2018) ó CSNA. Beidh sé de chuspóirí foriomlána ag an tacaíocht sin rannchuidiú leis an saorshreabhadh earraí tráchtála gan bhac chuig Éimin a athbhunú, trí phróiseas imréitigh trédhearcach éifeachtach a chur ar fáil i gcás lastais tráchtála arb é calafoirt in Éimin nach bhfuil faoi rialú Rialtas Éimin a gceann scríbe, agus ról UNVIM i gcur chun feidhme fhorálacha Chomhaontú Stócólm a fheabhsú.

([1]) Cinneadh ón gComhairle (CBES) 2018/1249 an 18 Meán Fómhair 2018 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Cigireachta agus Fíoraithe na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L 235, 19.9.2018, lch. 14).

([2]) Cinneadh ón gComhairle (CBES) 2019/1672 an 4 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Cigireachta agus Fíoraithe na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L 256, 7.10.2019, lch. 10).

2. Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an tionscadail seo:

— an sreabhadh lasta tráchtála chuig Éimin a mhéadú trí thuilleadh dlúis a chur leis an bpróiseas imréitigh do lastais tráchtála agus muinín cuideachtaí loingseoireachta a chur chun cinn a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht chalafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa don loingseoireacht tráchtála,

— feabhas a chur ar chumas UNVIM imscaradh i gcalafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa mar a leagtar amach i gComhaontú Stócólm agus sna Rúin ábhartha ó CSNA.

3. Tabharfaidh an tAontas tacaíocht d'Oifig Thoscaire Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe le haghaidh Éimin agus do UNMHA, i dtaca le UNVIM a imscaradh i gcalafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa. Chun na críche sin, rannchuideoidh an tAontas leis na costais a bhaineann le UNVIM a atreisiú, agus ar an gcaoi sin cuideoidh sé le freagairt do riachtanais mhuintir Éimin mar chuid de straitéis dhaonnúil níos leithne.

Leagtar amach cur síos ar an tionscadal san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Cuirfear cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de chúram ar UNOPS. Is faoi fhreagracht an Ardrúnaí a chuirfidh sé an cúram sin i gcrích. Chun na críche sin, rachaidh an tArdionadaí i mbun na socruithe is gá le UNOPS.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 2 059 838 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais a mhaoineofar leis an méid a leagtar amach i mír 1. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontú ranníocaíochta i gcrích le UNOPS. Leagfar síos sa chomhaontú ranníocaíochta go bhfuil UNOPS chun infheictheacht ranníocaíocht an Aontais a áirithiú.

4. Féachfaidh an Coimisiún leis an gcomhaontú ranníocaíochta dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis ghlacadh an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a dtabharfar an comhaontú ranníocaíochta sin chun críche.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag UNVIM, lena n-áirítear tuarascálacha ar chruinnithe míosúla Choiste Stiúrtha UNVIM. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Tabharfaidh an Coimisiún faisnéis don Chomhairle faoi na gnéithe airgeadais de chur chun feidhme an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

Rachaidh an Cinneadh seo in éag 12 mhí tar éis an dáta a dtabharfar an comhaontú ranníocaíochta idir an Coimisiún agus UNOPS dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 12 Deireadh Fómhair 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

*IARSCRÍBHINN*

Is é is aidhm do thacaíocht an Aontais tacú le UNVIM trína phearsanra a chistiú mar a leanas:

— baill foirne atá le himscaradh chuig Hodeidah: oifigeach comhordúcháin amháin, comhairleoir slándála allamuigh amháin, beirt fhaireoir, beirt oifigeach idirchaidrimh, cúntóir prótacail agus oibríochtaí amháin, cúntóir slándála áitiúla amháin agus cúntóir riaracháin amháin;

— faireoir amháin atá le himscaradh chuig Saleef agus faireoir amháin chuig Ras Issa;

— oibritheoir scanacháin amháin.

Ina theannta sin, cisteofar an fhoireann tacaíochta riaracháin is gá chun gníomhaíocht an Aontais a chur chun feidhme chun tacú le UNVIM (oifigeach airgeadais amháin, oifigeach soláthair amháin agus oifigeach acmhainní daonna amháin) freisin.

Earcóidh UNOPS an phearsanra agus an fhoireann dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta earcaíochta UNOPS. Cuirfidh UNOPS SEGS ar an eolas roimh ré faoi aon phoist a bheidh á n-oscailt.